Gaoṫ Doḃair

Cruinníodh cuid mhór slata mara fá chósta Ghaoth Dóbhair, agus Cloichcheannaola agus tá siad triomaithe anois, agus iad dhá gcur ar lorraithe go dtí Cill Chiaráin, Gaillimh, an áit a bhfuiltear ag déanamh próiséisiú ortha.

Tá deireadh le séasúr na ngliomach i nGaoth Dóbhair anois, agus séasúr praifeideach i gceart a bhí ann, in aineoin go raibh an aimsir garbh in amanna. Bhí na luacha ar na gliomaí sásúil go leor, cuid acu ag dul suas le £6 an dosaen.

Tá na glasáin flúirseach go maith fán chósta anois, agus na hIascairí gnóthach go maith leo, cé go bhfuil an fharraige tógtha a' cur isteach ar an méid a gheibh siad.

Tá éileamh maith ar na glasáin thart fá'n áit, agus díoltar iomlán dár dtig leo a chur i dtír.

Tá tús leis na scadáin thart fá bháigh Thoraí, agus deirtear go bhfuil siad flúirseach go maith ansin.

An t-seachtain seo thosaigh na h-Iascairí ag déanamh réidh le dhul amach lena dtógáil.

Tá níos mó mná i bparáiste Ghaoth Dóbhair i mbliana, ag cur siteach ar thógáil turcaithe, agus ba chóir go mbeadh cuid mhaith turcaithe ar díol roimh Nollaig.

Bhí gála gaoithe móire agus báisteach trom fríd an pharáiste, agus paráiste Chloichcheannaola, deireadh na seachtaine seo caite.

Mhair an ghaoth mhór ar feadh na h-oíche, agus leagadh crainn, agus leagadh cruacha féir agus coirce. B'é seo an stoirm ba mheasa sa cheantar seo le fada. Ní raibh bád ar bith ábalta dhul go hOileán Toraí deireadh na seachtaine.

Bhí lán mara íontach árd fán chósta an t-seachtain seo caite, fosta, agus ach gurb é go raibh an ghaoth foirstíneach, agus nach raibh sé a' séideadh isteach ón fharraige, bheadh tuillteacha go h-olc in áiteacha.

Bhí an lán mara ag béal abhainn Chroich Shlí níos airde ná bhí sé le cúig-bliana roimhe.

Cáineadh Pádraic Mac Aodha, Loinneach, Doire Beag, £7, ag an Chúirt Dúiche i mBun Beag, Dé Luain, ar cúis tiomáint dáinséarach, nár stop sé nuair a h-iarradh air; nach raibh soilse tosaí ar bith aige, agus nach raibh soilse cúil dearg nó bán aige, ar a ghluaisteán.

Ar son an chosantóra, d'admhaigh Pádraic Ó Domhnaill, T.D., na cúiseanna. Thug an Gárda Boyce fianaise nuair a thug sé iarraidh an cosantóir a stopadh gur mhéadaigh sé ar a luas, mhúch na soilse, agus thiomáin leis. B'éigin don ghárda dul isteach ón bóthar.

Dúirt an t-Uasal Ó Domhnaill gur shíl Mac Aodha gur duine éigin a bhí ar lorg lift, a bhí ann.

Cáineadh gasúr as an Luinniagh, £2 as gur chuir sé cúig clocha móra treasna anbhealaí ag an Luinneach, Doire Beaga. H-ordaíodh don athair an cháin a íoc.

Dúirt an Sáirsint Ó Beirn, in fhianaise, nuair a bhí sé ag tiomáint ag an Loinniagh, gur b'éigin dó stopadh agus dhul amach as an chárr, agus na cúig cloch a thógáil. D'admhaigh an buachaill gur chuir sé na clocha ar an bhealach.

Ag an Chúirt Dúiche ar an Bhun Bheag, an t-seachtain seo caite, cúisaíodh Peadar Mac Giolla Easpaig, Srath na Corcra, Doire Beaga, agus Seán Mac Giolla Bríde, Machaire Loisg, Bunbeag, as a bheith achrannach agus ag troid taobh amuigh de halla na Machaireacha, ar an 20ú lá do mhí Iúil, seo caite.

An Ceannfort Ó Dúill, a bhí ag cúisiú, agus P. Ó Domhnaill, ar son Mac Giolla Bhríde. Ní raibh Mac Giolla Easpaig i láthair, nó duine ar bith ar a shon.

Thug an Gárda Guthrie fianaise go raibh sé ar duite ag 11.30 agus go bhfaca sé Mac Giolla Easpaig dhá chaitheamh amach as an halla. Nuair a bhí sé taobh amuigh den halla, chuir cuma troda air fhéin, agus thug dubhshlán faoi'n choiste é throid. Thug sé rabhadh go Mac Giolla Easpaig, agus gheall seisean go n-iompródh sé é fhéin i gceart. Ceathrú uaire 'na dhéidh sin, mhothaigh sé trioplais ar a chuí, agus chonaic sé Mac Giolla Easpaig, agus Mac Giolla Bhríde, ag troid. Thug sé ar an bheirt acu stopadh.

Ag freagairt an Uasal Ó Domhnaill, dúirt sé nach raibh sé cinnte, cé acu Mac Giolla Bhríde, ag iarraidh Mac Giolla Easpaig a chiúiniú, dúirt an t-Uasal Ó Domhnaill, cé gur cuireadh amach Mac Giolla Easpaig, go ndeacha Mac Giolla Bhríde chuige ag iarraidh é chiúiniú, agus ansin gur thosaigh Mac Gíolla Easpaig ag troid ltis.

Cáineadh Mac Giolla Easpaig, £4 agus ligeadh Mac Giolla Bhríde, ar shiúl faoi Acht na gCéad Choirtheach.

Tá Uachtarán Cumann na mBan Tíre, ar fud an Domhain, ag tabhairt cuairt ar Dhún na nGall, agus ar Ghaoth Dóbhair go speisialta, ar an Aoine seo, an 1ú lá de Dheireadh Fómhair.

Beidh sí ag stopadh le Leas-Uachtarán Cumann Bantracht na Tuaithe i nGaoth Dóbhair, Bean Phádraic Uí Fhrighil, ag teach Gleannbéigh, Na Máchaireacha, Gaoth Dóbhair. Beidh caoi ag baill eile na craoibhe teacht ag amharc uirthí ansin.

Sí Uachtaránna Bantracht na Tuaithe, ar fud an Domhain, ná Bean Ardoti Dutt, as Calcutta, san India, agus tá sí indéidh seachtain a chaitheamh ag cruinniú Ban Tuaithe an Domhain, a bhí i mBaile Átha Cliath, an t-seachtain seo chaite.

Dé Sathairn na seachtaine seo caite, pósadh Máiréad Ní Arnold, B.A., B.Comm., H.Dip., agus Olibhéar Mac Gabhann, D.D.S. Sí Máiréad an t-aon iníon do Phádraic Arnold, agus a bhean, Teach na Claidí, Bunbeag, agus sé Olibhéar mac do J. G. Mac Gabhann, agus a bhean, as Sligeach.

An t-Athair Aidan Carroll, agus an Canónach Ó Baoill, S.P., agus an t-Athair Ó Cnáimhsí, Uachtarán Ard-Scoil Mhuire, agus an t-Athair Ó Beirn, S.P., Devenish.

A h-athair, a thug an bhrideog le pósadh, agus bhí sí a' caitheamh góna de organdie bán, le bláth easg de orchids bhána.

Eithnne Naylor, as Baile Átha Cliath, agus Máiréad Ní Fhaoláin, O.S., agus Áine Ní Ghallchóbhair, a sheas leis an bhrideóig, agus Aidan Ó Muiris Rua, agus S. Mac Mathúna, agus Ciarán Arnold, a bhí leis an fhear.

Bhí Tomás Ó Gallchóbhair, O.S., Muinneachán, uncail na brideoige, agus Pádraic Arnold, dearthár na brideóige, mar stiúrthóirí.

Bhí an bhainnis in Ostán Radharc na Mara, Machaire Clochair, agus bhí ós cionn 100 aoí i láthair. Tá mí na meala dhá chaitheamh san Iodáil.

Tá lútháir mhór anseo gur eirigh le Gaoth Dóbhair, Sinnsear, in éadan foireann Cearn Domhnach. Ní raibh siad ariamh i ndáinséar, agus tá siad ar an bhealach isteach go dtí an cluiche leath-cheannais anois.

Tá árdmholadh ag achan dhuine ar an obair a rinne Niall Ó Gallchóbhair, nuair a fuair sé 11 pointí do Ghaoth Dóbhair.

Tá a mhilleán ortha fhéin gur chaill na sóisir, nó bhí seansanna go leor acu. Chuaigh an liathróid treasna líne Lifear 11 uair, gan toradh, insan chéad ghiota den chluiche.

Tá S. S. Ó Gallchóbhair agus a bhean, Stiúrthóirí Cladyknit, ar saoire sa Ghréig fá láthair, agus chomh maith le laetha saoire, tá siad ag déanamh giota beag gnótha don mhonarcan, agus chuile sheans go mbeidh margadh anseo acu fá choinne earraí faisiúnta a níthear ag Gaoth Dóbhair.

Tá Cáit Ní Fhrighil, Coitin, indéidh theacht ar ais ó oilithreauht go dtí Lourdes. Bhí a mac, an t-Ath. Eoin Ó Fríghil, S.C., Leitir Ceanainn, inéinfheacht léi.

Fánaid

Ar na mallaibh, posadh Maire R. Ni Cheannain, inion do Niall O Ceannain agus a bhean, Seanach, Baile Lar, agus Seosamh O Beaglaoich, mac le Sean O Beaglaoich, agus Bean Ui Beaglaoich, nach maireann, Seanach. An tAthair O Colm, S.C., a phos iad, le Aifreann an Phosta agus Beannacht an Phapa i dTeach Pobail Naomh Mhuire, Ceann Droma.

Ta an seirbhis ur le van a' tabhairt na litreacha o Ceathru Caol go Gleanncharr, iontach sasuil ar fad.

1ORRAS

Tá na slat iascairí ag déanaṁ go maiṫ le iascaireaċt farraige óna carraigeaċa agus tógaḋ cuid ṁaiṫ maicréil agus pológ an tseaċtain seo caite, i gceantar Baile Glaise agus Glais.

Ag cruinniú de coiste taispeántas Béal an Ṁuirṫid, an tseaċtain seo caite, an tAṫair U. Ó Móróa, S.C., i gceannas, h-innsiú go mbeaḋ praifid réasúnta ón taispeántas. Ṫug an ċaṫaoirleaċ buíoċas don ċoiste, agus do gaċ duine a ċó - oibriġ leis an obair. Ḃí sé a' súil go mbeaḋ ceann na bliana seo ċugainn níos fearr aris. Ba ábar maoiḋte do ṁuintir Iorras é.

Tugaḋ ceadúnaisí do 46 tiṫe tabairne, agus 11 hallaí damsa ag Cúirt Dúiċe Béal an Ṁuirṫid.

Cáineaḋ P. Caifeartaiġ, Eaċnuas, Baile Cruaiḋe 30s. as gan solus tosaí nó solus dearg, nó solus ṫiar a ḃeiṫ ar a roṫar, i mBeannċor, agus 20s. as gan coscán tosaí a ḃeiṫ aige; P. Mac Aoḋa, Tairseaċán, Beannċor Iorrais 20s. as gan solus tosaí, nó solus deiriḋ a ḃeiṫ ar a roṫar; Tomás Mac Ainḋriú, Brioscа, Beannċor Iorras, 20s. as gan solus dearg cúil nó aṫ-soilseoir a ḃeiṫ ar a roṫar; Antoine Mac Craiṫ. Muing, Béal an Ṁuirṫid, 10s. as gan soilse a ḃeiṫ ar a roṫar; Antoine Labelle, Carn, Béal an Ṁuirṫid, 15s. as gan soilse a ḃeiṫ ar a roṫar: Seán Ó Geaċráin, Carn, Béal a' Ṁuirṫid, 35s. as gan soilse a ḃeiṫ ar a roṫar; Seán Ó Cléiriġ, Imleaċ Beag Ṫeas, Béal an Ṁuirṫid, 35s. as gan soilse 'ḃeiṫ ar a roṫar; Miċeál Ó Geaċráin, Carn, Béal a' Ṁuirṫid, 25s. as gan solus tosaí ná deiriḋ a ḃeiṫ ar a roṫar; Maoilseaċlán Ó Geaċráin, 40s. as gan solus tosaí nó ṫiar nó aṫ-ṡoilseoir a ḃeiṫ ar a roṫar; P. Calpin, Tollaċán, Gaoṫ Sáile, 15s. as gan soilse a ḃeiṫ ar a roṫar. Cáineaḋ B. Ó Doċartaiġ, Ceaṫrú Ṫaiḋg, 50s. ar ċúis go ndearna sé páirceáil a ḃí dáinséaraċ, ag Béal a' Ṁuirṫid. R. Ó Muinċille, Duḃ Ṫuama, 30s. as a ḃeiṫ tiomáint cárr agus gan aige aċ ceadúnas sealadaċ, agus gan tiománaí cáilíṫe a ḃeiṫ ina ċuideaċta insan ċárr, ar bealaċ Béal an Ṁuirṫid, ar an 10ú lá Lúnasa.

Tá Coiste Gairm-Oideaċas Ṁuigeo ag iarraiḋ údarás ó'n Roinn, le múinteoir taisteal tís a ċeapaḋ do ċeantair Inbear, Beannċor agus Eaċléim.

Comġáirdeaċas le Marcelle Lalaiġ, iníon do Bean P. S. Snee agus Seán Lalaiġ, naċ maireann, as Sraṫ Ṫiar, Béal an Ṁuirṫid, a ġnóṫaiġ scoláireaċt 5 bliana, faoi Comairle Co. Ṁuigeo. Ḃí sí ar scoil in Sraṫ, an áit a ḃfuil Stiofán Ó Glionna, O.S., na Príoṁ Oide. Tá sí i Meán-Scoil Naoṁ Louis, Coillte 'Maċ, anois.

Tá D. Ó Diaḃaiġ, B.A., B.Com. **a ḃí na ṁúinteoir i nGairm-Scoil** Béal an Ṁuirṫid imiṫe go dtí Meánscoil Longpoirt, mar ṁúinteoir Gaeilge agus ábar tráċtála, agus tá Críostóir Mac Grianna, B.Comm., Béal Áṫa Ṡamnais, tagaiṫe 'na áit go Béal a' Ṁuirṫid.

Tá E. Nic an Aḋastair, Múinteoir Tís, Béal an Ṁuirṫid, aistríṫe go Gairmscoil Ḃaile Ċaṫail, agus Attracta Nic Gordon, Múinteoir Tís, Béal Áṫa Ṡeamnais, tagaiṫe ina h-áit.

Comġáirdeaċas le P. Giolbearraiġ, Múinteoir Miotalóireaċta, i nGairmscoil Ḃéal an Ṁuirṫid, le roinnt blianta, a ceapaḋ na Ard-ṁáistir i nGairm Scoil Gaoṫ Sáile, in ionad Tomás Ó Cuilinn, an máistir i gceannas, i nGaoṫ Sáile, ó d'oscail an scoil dá ḃliain ó ṡin. Ḃí Tomás Ó Cuilinn ina cléireaċ oibre do scoil Ġaoṫ Sáile agus 'na ḋiaiḋ sin na ḃall den foireann teagaisc. Tá árd ṁeas ar na scoláiri air siocair an obair ṁór scéimeanna a d'oibriġ sé dóiḃ lasmuiġ den scoil, agus na tuismiṫeoirí buíoċ dó mar an gcéanna. Ceapaḋ P. Ó Murċú, B.A., Beannċor Iorras, Máire Ní Ṁaoláin, Cill Rónáin (múinteoir tís) agus Peadar Mac Aoḋa, Nuaport, mar múinteoir eolaíoċt tuaiṫe.

Rialaíoḋ an diúltú a ċur Cnoc Mór isteaċ i gcoinniḃ bua foireann Beannċor Iorras, as ordú, ag cruinniú de Bord Ṁuigeo Ṫuaiḋ i mBéal Áṫa an Ḟeaḋa, Dé Máirt. Faoi an diúltú, dúirt E. Ó Neaċtain, Beannċor, go raiḃ an clúdaċ ina raiḃ an litir diúltaiṫe, de páipéar naċ raiḃ déanta in Éirinn, agus go raiḃ Rial 6 sáraiṫe.

Ag an Ċúirt Dúiċe i mBéal an Ṁuirṫid, cáineaḋ Miċeál Baireád, Sraṫ, Bun na hAḃann agus Éamonn Mac Suiḃne, Sráid na Bearraice, Béal an Ṁuirṫid, 5s. le £1-6-8 costaisí, as gléasanna radio a ḃeiṫ ina seilḃ gan ceadúnas, i mí Ḃealtaine seo caite. Cáineaḋ Pádraic Mac Craiṫ, Gleann na Muaiḋe, 30s. agus £1-6-8 costaisí as gléas telefíse a ḃeiṫ 'na ṡeilḃ gan ceadúnas. Ligeaḋ Seán Ó Sioḃláin, Beannċor Iorrais, ar ṡiúl faoi Aċt na gCéad Ċoirṫeaċ, a ċúis a ḃeiṫ ar meisce agus lút, mBeannċor Iorras, ar an 27ú lá o'Iúil.

Cáineaḋ Aoḋ Mac Guiḃir, Dromgalaċ, Baile Cruaiḋe, 20s. as a ḃeiṫ ar meisce, agus aċrannaċ, ag Beannċor Iorrais, ar an 15ú lá do Lúnasa, agus Mánús Ó Conbuí, Talaċ, Baile Cruaiḋe 10s. ar an ċoir ċéanna. Cáineaḋ Miċeál Mac Suiḃne, oibrí imirce ó Ricarter, Gaoṫ Sáile, £2 as ċúis a ḃeiṫ ar meisce agus aċrannaċ ag Sráid Liam, Béal an Ṁuirṫid, ar an 9ú lá o'Iúil.

A ċúis naċ raiḃ ceadúnas gadair acu, cáineaḋ M i ċ e á l Ó Sioċráin, Eaċnuas, Polla a' tSoṁais £1: T. Ó Sioċráin, Polla a' tSoṁais 10s.: Daiṫí Ó Tiomláin, Muing na Bó, Rosduṁaċ 10s.: Séamas Ó Móráin, Muing na Bó, Rosduṁaċ 10s.: Máirtín Ó Móráin (Séamas), Rosduṁaċ 10s.: Pádraic Ó Doċartaiġ, Rosduṁaċ 10s.: Míċeal Cocs, Rosduṁaċ 10s.: S. Ó Cearḃallán, Easnuas, 10s.: Miċeál Ó Conḃuí, Baile na Buaiġe, Barr na Trá, £1: Miċeál Mac Doṁnaill, Eaċnuas, £1: S. Orme, Poll a' tSoṁais, £1: S. Mac Ainḋriú, Poll a' tSoṁais, 10s.; Séamus Cuffe, Inbear, Barr na Trá, 10s., S. Ó Ceairn, Inbear, £1: S. Ó Doċartaiġ Poll an tSoṁais 10s: C. Ó Doċartaiġ, Poll a' tSoṁais, £1: T. Ó Doċartaiġ, Poll a' tSoṁais, £1: S. Dicson, Poll a' tSoṁais 10s.: M. Ó Doċartaiġ, Poll a' tSoṁais 10s.: S. Mac an tSaoir, Poll a' tSoṁais, 10s.: P. Mac Ainḋriú, Cor Cloċ Ṫoir 10s.: A. Mac an tSaoir, Poll a' tSoṁais 10s.: S. Ó Donnaċú, Cor Cloċ Ṫoir, 10s.: M. Grudaiġ, Cor Cloċ, 10s. P. Ó Mongáin, Imleaċ Beag Ṫuaiḋ, 10s.: M. Ó Geaċráin, Cor Cloċ Ṫoir 10s.

NUACHT AS NA DUNAIBH

Imeasc na ndeoraiṫe ḋeireannaċ a d'imiġ arais go Meiriceá ar an tseaċtain seo, ḃí Máiréad Bean Ṡeosaiṁ Retacco i bPensilḃania, a ḃí indiaiḋ sé seaċtaini de ṡaoire a ċaiṫeaṁ le n-a deartáir, Dónall Beag Ó Doċartaiġ, ins na Dúnaiḃ. Ina cuideaċta ḃí colceaṫair di, Léna Ní Ċoṁgail, atá ina banaltra ṫall i Meiriceá agus atá indiaiḋ tréimse úaoire an tsaṁraiḋ a ċaiṫeaṁ le n-a deirfiúr, Máire Bean Ṁic Ḟiongaile, in Umloċ, Ċarraig Airt.

Tá triúr eile ar ṡiúl go Meiriceá aċ beiḋ siadsan ag pilleaḋ i gceann cúpla mí, le cuidiú Dé: Caitlin Nic Ḟiongaile, bainistréas an óstáin ṁóir i gCarraig Airt, agus Bean Uí Sáirséil as Baile na nGallóglaċ agus a deartáir, Pádraig Mac a' Ċearḃaiġ.

Is trua a rá go ḃfuil ḋá ṫeaċċónaiṫe eile druite i nGaeltaċt Ros Goill mar atá — seanḃaile na nDoċartaċ i nDún Doṁain, ċois an Ṁiobaí, agus sean-áras na nDuiḃearaċ i gCarraig Airt.

Tá giota de ḃealaċ-mór, a ḃfuil aon ċeann déag de ṫiṫe Ċomairle na Contae ,na Rosapenna Cottages, ar an dá ṫaoiḃ —agus níl níos measa le feiceáil in Éirinn uile. Tuigfear cad ċuige . . . níl ina gcónaí ann aċ na "natives" — agus 'ċead acu! Dá mbeaḋ teaċ mór ag stráinséir as an ċoigcríċ sa ċoṁarsanaċt seo, níorḃ' ḟada go ḃfeicfí tarra ar na bóiṫre! Níl ann aċ ceaṫrún míle uilig agus tá sé ar ċeann de na bealtaí is faide déanta ins na trí paróistí — ṫart fá 1848, indiaiḋ "Ḃliain an Droċ-Ṡaoil" (nó "Bliain an Ġorta", de réir na "leaḃartaí-scoile"!)

COLÁISTE IOLSCOILE

Tá Coláiste Iolscoile na Gaillimhe ag glacadh le micléinn nua ar an Céadaoine an 7ú lá de Dheireadh Fómhair. Glacfar le micléinn nua ón 10 a' chlog maidin an lae sin agus thosnófar ar na léachtaí an lá dár gcionn, an Diardaoin, an 8ú lá.

CARNA

Comġáirdeaċas le Brian de Coursaiġ, mac le Miċeál de Coursaiġ agus a ḃean, An Claigean, a ċríoċnaiġ a ṫraenáil ag Depot na nGárdaí i dTeampall Mór, agus atá ar diúté anois mar ġárda i mBéal Áṫa na Sluaġ. Iarscoláire é do Meánscoil Buaċaillí, An Cloċáin.

Fáilte roiṁ an Gárda S. Sioḃláin, as Dún na nGall, a ċríoċnaiġ a ṫraenáil le déanaí, agus atá ceapaiṫe don Ċloċán.

Déantar coṁḃrón le Bean Ḃriain Ṁic Suiḃne, Carna, i mbás a driṫeáir, Pádraic Ó Caoṁánaiġ, Port Laoise.

Tá dioṁá agus mí-ṡásaṁ géar fríd Ċonamara imeasc luċt an tseana pinsean, a ḃí ag súil le 10s. sa tseaċtain méadú ins na ins na pinseain, agus níl siad a' ḟáil aċ 5s. Níl sé soiléir céard is cúis leis seo, agus is cinnte naċ duigeann na pinsinéirí féin é. Fuair cuid acu an 10s. iomlán agus daoine eile a ḃí sa rioċt céanna leo, agus ní ḟuair siad aċ na 5s.

Fuair Ena Ní Eiḋín, iníon do S. Ó hEiḋín, agus a ḃean, Cill Ciaráin, agus S. Ní Ḃeoláin, as Béal Áṫa na Muice, daltaí do Ċloċar na Trócaire, Carna, glaoċ go dtí an Coláiste Oiliúna ar toṙṫa na h-árd-teistiméireaċta i mbliana. Fuair Ena scoláireaċt ollscoile ċoṁ maiṫ, aċ, tá sí ag dul go dtí Coláiste Oiliúna Dún Céaraiġ, agus Siúḃán go dtí Coláiste Traenála, Frobel, Cnoc Sion. Agus fuair Máire Nic Suiḃne, iníon don Sáirsint agus Bean Ṁic Suiḃne, Carna, agus dalta do Cloċar na Toirḃeirte, Tuaim, glaoċ ċun Coláiste Oiliúna, Dúnċéaraiġ, ċoṁ maiṫ. Coṁġáirdeaċas leo.